Dé Máirt 5. Iúil 2022

III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

PARLAIMINT NA HEORPA

P9_TA(2022)0269

An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Iúil 2022 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (COM(2020)0825 – C9-0418/2020 – 2020/0361(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(2023/C 47/25)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2020)0825),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0418/2020),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 27 Aibreán 2021 ([1]),

— ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 1 Iúil 2021 ([2]),

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 15 Meitheamh 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do thuairimí ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0356/2021),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é ([3]);

([1]) IO C 286, 16.7.2021, lch. 70.
([2]) IO C 440, 29.10.2021, lch. 67.
([3]) Tá an seasamh seo ag gabháil in ionad na leasuithe a glacadh an 20 Eanáir 2022 (Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0014).

Dé Máirt 5. Iúil 2022

2. ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P9_TC1-COD(2020)0361

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 5 Iúil 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha)

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2022/2065.)

Dé Máirt 5. Iúil 2022

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LE TACAÍOCHT A THABHAIRT DO MHICRIFHIONTAIR, D'FHIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE AGUS DO GHNÓLACHTAÍ NUATHIONSCANTA I gCOMHTHÉACS AN GHNÍMH UM SHEIRBHÍSÍ DIGITEACHA

Aithníonn an Coimisiún a thábhachtaí atá an t-iomaíochas, an nuálaíocht agus an infheistíocht i seirbhísí digiteacha, go háirithe maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta. Chun na críche sin, tá an Coimisiún tiomanta do chomhlíonadh an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha a éascú do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do ghnólachtaí nuathionscanta, go háirithe trí chláir ábhartha a úsáid ar mhaithe leis an nuálaíocht, imlonnú teicneolaíochtaí digiteacha agus an caighdeánú.